CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1061 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Bealtaine 2023

maidir le bunú liosta de na doiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise arna n-eisiúint i réigiúin nó i gcríocha san Úcráin nó do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin nó i gcríocha san Úcráin atá faoi fhorghabháil ag Cónaidhm na Rúise nó i gcríocha scarúnaíocha sa tSeoirsia nach bhfuil faoi rialú rialtas na Seoirsia, ar doiciméid iad nach nglactar leo mar dhoiciméid taistil bhailí chun víosa a eisiúint nó chun na teorainneacha seachtracha a thrasnú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2512 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le gan glacadh le doiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise arna n-eisiúint san Úcráin agus sa tSeoirsia ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/2512, is gá liosta a tharraingt suas de na doiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise a eisítear i réigiúin nó i gcríocha na hÚcráine nó do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin nó i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil ag Cónaidhm na Rúise nó i gcríocha scarúnaíocha sa tSeoirsia nach raibh faoi rialú rialtas na Seoirsia an 22 Nollaig 2022, ar doiciméid iad nár cheart glacadh leo mar dhoiciméid taistil bhailí chun víosa a eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus chun na teorainneacha seachtracha a thrasnú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(2) Ba cheart a áirithiú leis an liosta go mbeidh faisnéis chruinn chothrom le dáta ar fáil d'údaráis na mBallstát atá freagrach as iarratais ar víosaí a phróiseáil agus as seiceálacha teorann a dhéanamh maidir leis na doiciméid taistil nár cheart glacadh leo i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/2512. Is é is cuspóir don liosta a áirithiú go ndéanfar *acquis* an Aontais a chur i bhfeidhm go aonfhoirmeacha maidir leis na víosaí agus na seiceálacha a bhfuil daoine atá ag trasnú teorainneacha seachtracha faoina réir.

(3) An 18 Márta 2014, tar éis do Chónaidhm na Rúise Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol a ionghabháil go neamhdhleathach, shínigh Uachtarán Chónaidhm na Rúise an Conradh um ionghabháil. Dá bhrí sin, ba cheart na doiciméid taistil arna n-eisiúint i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gcathair Sevastopol nó do chónaitheoirí Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus chathair Sevastopol tar éis an 18 Márta 2014 a bheith ar an liosta sin.

(4) An 24 Aibreán 2019, trí Fhoraithne Uimh. 183 ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise, rinne Cónaidhm na Rúise simpliú ar an nós imeachta do chónaitheoirí na réigiún Donetsk agus Luhansk na hÚcráine nach bhfuil faoi rialú rialtais chun saoránacht Rúiseach a fháil, lena n-áirítear an nós imeachta maidir le pasanna idirnáisiúnta Rúiseacha a eisiúint do na cónaitheoirí sin. Dá bhrí sin, ba cheart na doiciméid taistil arna n-eisiúint i réigiún Donetsk agus i réigiún Luhansk nó do chónaitheoirí réigiún Donetsk agus réigiún Luhansk tar éis an 24 Aibreán 2019 a bheith ar an liosta sin.

(5) An 25 Bealtaine 2022 leathnaigh Cónaidhm na Rúise an nós imeachta simplithe maidir le saoránacht Rúiseach a fháil chun na réigiúin Kherson agus Zaporizhzhia a chuimsiú. An 11 Iúil 2022, leathnaigh an Rúis an pasúchán chun críoch iomlán na hÚcráine a chuimsiú ionas go bhféadfadh saoránaigh uile na hÚcráine saoránacht Rúiseach a éileamh agus pas Rúiseach a fháil tríd an nós imeachta simplithe. Ar bhonn fhoraithne an 11 Iúil 2022, eisíodh doiciméid taistil de chuid na Rúise i réigiún Kharkiv ón 1 Lúnasa 2022 i leith. Rinne an Úcráin formhór réigiún Kharkiv a saoradh an 9 Meán Fómhair 2022. D'fhéadfadh doiciméid taistil de chuid na Rúise arna n-eisiúint sa réigiún sin a bheith i gcúrsaíocht. Dá bhrí sin, na doiciméid taistil arna n-eisiúint i réigiún Kherson agus i réigiún Zaporizhzhia nó do chónaitheoirí réigiún Kherson agus réigiún Zaporizhzhia tar éis an 25 Bealtaine 2022 agus i réigiún Kharkiv nó do chónaitheoirí réigiún Kharkiv tar éis an 1 Lúnasa 2022, ba cheart na doiciméid taistil sin a bheith ar an liosta sin.

([1]) IO L 326, 21.12.2022, lch. 5.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

(6) An 26 Lúnasa 2008 chinn Uachtarán Chónaidhm na Rúise go dtabharfadh an Rúis aitheantas foirmiúil don Abcáis agus don Oiséit Theas mar stáit neamhspleácha. Dá bhrí sin, ba cheart na doiciméid taistil arna n-eisiúint san Abcáis agus san Oiséit Theas nó do chónaitheoirí na hAbcáise agus na hOiséite Theas tar éis an 26 Lúnasa 2008 a bheith ar an liosta sin.

(7) Tír nó eintiteas a bheith ar an liosta, níor cheart glacadh leis go dtugann sé sin le tuiscint go dtugann Ballstát amháin nó níos mó aitheantas faoin dlí idirnáisiúnta don tír nó don eintiteas sin.

(8) Ós rud é go gcuireann Cinneadh (AE) 2022/2512 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Chinneadh (AE) 2022/2512 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar an Danmhairg faoin dlí idirnáisiúnta an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

(9) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([4]); dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen ([5]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([6]).

(11) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen ([7]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([8]).

(12) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen ([9]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([10]).

(13) Maidir leis an gCipir, leis an mBulgáir agus leis an Rómáin, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach, maidir le víosaí a eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/2512, de bhrí gurb é atá ann gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar

([4]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

([5]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([6]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

([7]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([8]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

([9]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([10]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, Prótacal a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 faoi seach, maidir le trasnú na dteorainneacha seachtracha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/2512.

(14) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh (AE) 2022/2512 a chur i bhfeidhm go pras agus go haonfhoirmeach, agus i ngeall ar an staid éigeandála i réigiúin agus i gcríocha san Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis agus i gcríocha scarúnaíocha sa tSeoirsia freisin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar bhonn práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An liosta de dhoiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/2512, tá sé mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta de na doiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2022/2512 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])[1]

1. **An Úcráin:**

   Gnáthphas

   Pas taidhleoireachta

   Cead cónaithe le haghaidh duine gan stát

   Deimhniú maidir le filleadh

   Doiciméad Céannachta Maraí

   Leabhar mairnéalaigh

   Arna eisiúint sna háiteanna seo a leanas nó do chónaitheoirí na n-áiteanna seo a leanas:

   Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol tar éis an 18 Márta 2014;

   réigiún Donetsk tar éis an 24 Aibreán 2019;

   réigiún Luhansk tar éis an 24 Aibreán 2019;

   réigiún Kherson tar éis an 25 Bealtaine 2022;

   réigiún Zaporizhzhia tar éis an 25 Bealtaine 2022;

   réigiún Kharkiv tar éis an 1 Lúnasa 2022.

2. **An tSeoirsia:**

   Gnáthphas

   Pas taidhleoireachta

   Cead cónaithe le haghaidh duine gan stát

   Deimhniú maidir le filleadh

   Doiciméad Céannachta Maraí

   Leabhar mairnéalaigh

   Arna eisiúint sna háiteanna seo a leanas nó do chónaitheoirí na n-áiteanna seo a leanas:

   An Abcáis tar éis an 26 Lúnasa 2008;

   An Oiséit Theas tar éis an 26 Lúnasa 2008.

([1]) Cinneadh (AE) 2022/2512 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le gan glacadh le doiciméid taistil de chuid Chónaidhm na Rúise arna n-eisiúint san Úcráin agus sa tSeoirsia (IO L 326, 21.12.2022, lch. 1).